Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2026**
**(OR. en, pt)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0297(COD)**

**8836/26**
**ADD 3**

**CODEC 853**
**POLCOM 166**
**SPG 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**D'iarr an Phortaingéil go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Aithníonn an Phortaingéil a thábhachtaí atá Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife mar phríomhionstraim de bheartas trádála agus forbartha an Aontais. Dá bhrí sin, is tosaíocht dúinn é rialachán nua GSP a ghlacadh.

Mar sin féin, leis an gcomhaontú ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa, ní thugtar aghaidh go hiomlán ar na hábhair imní a chuir an Phortaingéil in iúl go comhsheasmhach le linn an phróisis caibidlíochta maidir leis an sásra coimirce uathoibríoch don rís.

Dar leis an bPortaingéil, ní leor fós na paraiméadair a comhaontaíodh don sásra coimirce chun cosaint éifeachtach a chinntiú d'earnáil atá, i gcás na Portaingéile mar aon le Ballstáit eile, leochaileach ó thaobh struchtúir de agus an-íogair.

Dá bhrí sin, tugann an Phortaingéil dá haire an comhaontú ar thángthas air maidir leis an sásra coimirce, ach ní féidir léi tacú leis an togra le haghaidh rialacháin san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair agus beidh uirthi staonadh nuair a chuirfear faoi bhráid na Comhairle é lena fhormheas.